

Faisnéis do thuismitheoirí
maidir le freastal scoile

Ná bíodh do leanbh thíos leis

(ar thús maith sa saol!)

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency



Ní mór do gach leanbh idir 6 bliana agus 16 bliana d'aois oideachas a fháil.

Más tuismitheoir nó caomhnóir* thú de leanbh atá idir 6 bliana agus 16 bliana, tá faisnéis sa bhileog seo maidir leis an ról speisialta atá agat lena chinntiú nach gcailleann do leanbh seans ar a (h)oideachas.

Tugtar faisnéis ann chomh maith ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a bhíonn ag tacú le freastal scoile rialta agus le hoideachas leanaí agus daoine óga trí bhíthin Oifig Leasa Oideachais.


Tá sé de dhualgas ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach tacú le teaghlaigh agus a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh oideachas faoi mar a éilítear faoin dlí. Déanann beagnach gach leanbh é sin trí dhul ar scoil.

* Caomhnóir – duine ag a bhfuil an t-údarás dlíthiúil agus ar a bhfuil an dualgas aire a thabhairt do leanbh nó do mhionaoiseach

Tá sé de cheart ag do leanbh oideachas a fháil.

Tabharfaidh oideachas
maith, chomh maith le cúram
grámhar agus spreagadh, tús
iontach do do leanbh sa saol.

“Má bhíonn oideachas maith orm, beidh seans níos fearr agam níos mó a fhoghlaim, scileanna agus buanna a fhorbairt, cairde a dhéanamh agus a choinneáil, breis muiníne a bheith agam, torthaí níos fearr a fháil i mo chuid scrúduithe, baint le coiriúlacht a sheachaint, agus beidh rogha post níos leithne os mo chomhair nuair a thosóidh mé ag obair..”



Faisnéis ba cheart a bheith ar eolas agat

Céard atá le déanamh agat murar féidir le do leanbh bheith i láthair ar scoil?

Ní mór duit a chur in iúl don scoil nach féidir leis an leanbh bheith ar scoil agus cén fáth atá leis. Cuirfidh an scoil in iúl duit cén chaoi ar ceart an fhaisnéis sin a thabhairt – iarrfaidh an scoil nóta go hiondúil.

Is minic a bhíonn fáthanna maithe don leanbh bheith as láthair ón scoil agus tógfar na fáthanna sin san áireamh má mhínítear don scoil iad.

Céard is gá don scoil a dhéanamh má chailleann do leanbh go leor laethanta scoile?

Ní mór don scoil a chur in iúl dúinn má tá 20 lá scoile nó níos mó cailte ag do leanbh sa scoilbhliain nó má tá inní ar lucht na scoile go bhfuil an iomarca laethanta scoile á gcailleadh ag do leanbh.

Céard is gá dúinn a dhéanamh má chailleann do leanbh go leor laethanta scoile?

Má chuireann an scoil in iúl dúinn go bhfuil an iomarca laethanta scoile á gcailleadh ag do leanbh, d'fhéadfadh Oifigeach Leasa Oideachais de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach cuairt a thabhairt ort le fáil amach cén chaoi ar féidir linn cabhrú leat a chinntiú go bhfreastalaíonn do leanbh ar an scoil níos minice.

Ceart do linbh chun an oideachais a chosaint

Cabhróimid leat cibé bealach is féidir linn lena chinntiú go gcuirtear oideachas ar do leanbh. Mar sin féin, d'fhéadfaí tú a thabhairt chun na cúirte agus d'fhéadfaí fineáil nó téarma príosúnachta a ghearradh ort mura gcomhoibríonn tú leis an Oifigeach Leasa Oideachais.

Tógfar caingean dlí i gcásanna eisceachtúla más é sin an t-aon bhealach inar féidir cearta an linbh a chosaint.



Rudaí gur féidir leatsa a dhéanamh

Conas is féidir leatsa cabhrú le do leanbh freastal ar an scoil go rialta?

- Leag béim ar an oideachas sa bhaile agus cuir in iúl do do leanbh nach bhfuil sé inghlactha a bheith as láthair ón scoil.
- Éist le do leanbh. Bíodh suim agat ina c(h)uid scéala faoin scoil agus fiafraigh dó nó di céard atá ar siúl aige nó aici.
- Cabhraigh le do leanbh a bheith bródúil as dea-thinreamh a thaifeadh.
- Cuir le muinín do linbh trí mholadh a thabhairt dó nó di nuair a éiríonn go maith leis nó léi.
- Léigh litreacha agus tuairiscí ón scoil agus bíodh rialacha na scoile ar eolas agat.
- Téigh chuig cruinnithe scoile agus cuir aithne ar mhúinteoir, ar bhaill fhoirne, agus ar chairde do linbh.
- Ná téigh ar laethanta saoire mar theaghlach le linn an téarma scoile.
- Bí ag faire amach do chúiseanna nach mbeadh do leanbh foilteanach freastal ar an scoil. Má tá deacracht(aí) ag do leanbh le hobair scoile, labhair leis an scoil gan mhoill.

- Cuir comhairle ar do leanbh gan post páirtaimseartha a ghlacadh le linn an téarma scoile. Ní bheidh déagóir tuirseach ábalta coinneáil suas leis an rang ar scoil.

Oideachas Baile agus Scoileanna Príobháideacha

Faoin Acht Oideachais (Leas), 2000 tá sé de cheart agat oideachas a chur ar do leanbh lasmuigh de scoil aitheanta, i scoil phríobháideach nó i do bhaile féin mar shampla. Má chinneann tú é sin a dhéanamh, ní mór duit ianaidh ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach do leanbh a chlárú. Déanfaidh an Gníomhaireacht measúnú ar an oideachas atá á chur ar fáil ansin. Glaigh orainn ag [\(01\) 873 8700](tel:018738700) chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Na noda is fearr ó thuismitheoirí!

- ✓ *“Cinntigh go dtéann do leanbh a chodladh luath go maith ar laethanta scoile agus oícheanta Domhnaigh. Cabhraíonn neart codlata agus scíthe le leanbh fanacht aireach.”*
- ✓ *“Cuimhnigh an clog aláraim a shocrú luath go maith ionas gur féidir leat do leanbh a thabhairt chun na scoile in am.”*
- ✓ *“Cabhraigh le do leanbh a m(h)ála scoile a phacáil agus ullmhaigh lón an linbh an oíche roimh ré ionas go mbeidh níos mó ama agatsa féin agus ag do leanbh ullmhú ar maidin.”*



**Céard atá
le déanamh
má tá
tacaíocht
uait?**

Téigh i dteagmháil le Seirbhísí Leasa Oideachais na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach tríd an ríomhphost ag ewsinfo@tusla.ie, nó aimsigh sonraí teagmhála d'oifige áitiúla ar www.tusla.ie.